AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 10.9.2018
COM(2018) 621 final

Togra le haghaidh

# CINNEADH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

**maidir leis an gCiste Eorpach um Choigeartú don Domhandú a úsáid ar iarratas a bheith déanta ag an bPortaingéil – EFG/2018/002 PT/Norte – Centro – Lisboa corpbheart**

GA GA

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## COMHTHÉACS AN TOGRA

1. Tá na rialacha is infheidhme maidir le ranníocaíochtaí airgeadais ón gCiste Eorpach um Choigeartú don Domhandú (CED) leagtha síos i Rialachán (AE) Uimh. 1309/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 maidir leis an gCiste Eorpach um Choigeartú don Domhandú (2014-2020) agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1927/2006[1] (an 'Rialachán maidir le CED').

2. An 24 Aibreán 2018, chuir an Phortaingéil isteach an t-iarratas EGF/2018/002 PT/Norte – Centro – Lisboa corpbheart, iarratas ar ranníocaíocht airgeadais ó CED, de dheasca iomarcaíochtaí[2] san earnáil eacnamaíoch a aicmítear faoi Rannán NACE 14 Athbhreithniú 2 (Monarú corpbhirt) sna réigiúin leibhéal 2 NUTS seo a leanas: Norte (PT11), Centro (PT16) agus Lisboa (PT17) na Portaingéile.

3. Tar éis dó measúnú a dhéanamh ar an iarratas sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid, i gcomhréir le forálacha uile an Rialacháin is infheidhme maidir le CED, gur comhlíonadh na coinníollacha maidir le ranníocaíocht airgeadais a dhámhachtain ó CED.

## ACHOIMRE AR AN IARRATAS

| | |
|---|---|
| Iarratas ar CED | EGF/2018/002 PT/Norte – Centro - Lisboa corpbheart |
| Ballstát | an Phortaingéil |
| An réigiún/na réigiúin lena mbaineann (Leibhéal 2 NUTS[3]) | Norte (PT11), Centro (PT16) and Lisboa (PT17) |
| An dáta a cuireadh an t-iarratas isteach | 24 Aibreán 2018 |
| An dáta a admhaíodh go bhfuarthas an t-iarratas | 24 Aibreán 2018 |
| An dáta a iarradh faisnéis bhreise | 8 Bealtaine 2018 |
| An spriocdháta leis an bhfaisnéis bhreise a sholáthar | 19 Meitheamh 2018 |
| An spriocdháta leis an measúnú a chur i gcrích | 11 Meán Fómhair 2018 |
| Critéar idirghabhála | Airteagal 4(1)(b) den Rialachán maidir le CED |
| An líon fiontar lena mbaineann | 2 |
| An earnáil/na hearnálacha a bhaineann leis an ngníomhaíocht eacnamaíoch (Rannán NACE Athbhreithniú 2)[4] | Rannán 14 - Monarú corpbhirt |

1 IO L 347, 20.12.2013, Lch. 855.
2 De réir bhrí Airteagal 3 den Rialachán maidir le CED.
3 Rialachán (AE) Uimh. 1046/2012 ón gCoimisiún an 8 Samhain 2012 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 1059/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le haicmiú comhchoiteann na n-aonad críche le haghaidh staidreamh (NUTS) a bhunú i dtaca le tarchur na hamshraithe le haghaidh an mhiondealaithe réigiúnaigh nua (IO L 310, 9.11.2012, lch. 34).

| | |
|---|---|
| An tréimhse thagartha (naoi mí): | 1 Bealtaine 2017 – 1 Feabhra 2018 |
| An líon iomarcaíochtaí le linn na tréimhse tagartha (*a*) | 1 161 |
| An líon iomlán tairbhithe incháilithe | 1 161 |
| An líon iomlán tairbhithe ar a bhfuiltear ag díriú | 730 |
| An líon daoine óga ar a bhfuiltear ag díriú nach bhfuil i mbun fostaíochta, oideachais nó oiliúna (NEET) | 730 |
| An buiséad do sheirbhísí pearsantaithe (EUR) | 7 742 160 |
| An buiséad le haghaidh CED[5] a chur chun feidhme (EUR) | 17 646 |
| Buiséad iomlán (EUR) | 7 759 806 |
| Ranníocaíocht ó CED (60 %) (EUR) | 4 655 883 |

## MEASÚNÚ AR AN IARRATAS

### Nós imeachta

4. An 24 Aibreán 2018, chuir an Phortaingéil an t-iarratas EGF/2018/002 isteach, is é sin faoi cheann 12 sheachtain ón dáta a comhlíonadh na critéir idirghabhála a leagtar amach in Airteagal 4 den Rialachán maidir le CED. D'admhaigh an Coimisiún go bhfuarthas an t-iarratas ar an lá céanna, agus an 8 Bealtaine 2018, d'iarr sé ar an bPortaingéil faisnéis bhreise a sholáthar. Soláthraíodh an fhaisnéis bhreise sin faoi cheann sé seachtaine ón tráth a iarradh í. An spriocdháta 12 sheachtain ón tráth a fuarthas an t-iarratas comhlánaithe, tréimhse ar lena linn ba cheart don Choimisiún críoch a chur leis an measúnú ar an gcaoi a bhfuil na coinníollacha maidir le ranníocaíocht airgeadais a sholáthar á gcomhlíonadh leis an iarratas, rachaidh sé in éag an 11 Meán Fómhair 2018.

### Incháilitheacht an iarratais

*Na fiontair agus na tairbhithe lena mbaineann*

5. Baineann an t-iarratas le 1 161 oibrí a cuireadh ar iomarcaíocht san earnáil eacnamaíoch arna haicmiú faoi Rannán 14 de NACE Athbhreithniú 2 (Monarú corpbhirt). Tharla na hiomarcaíochtaí sna réigiúin leibhéal 2 NUTS, is iad sin Norte (PT11), Centro (PT16) agus Lisboa (PT17).

---

[4] IO L 393, 30.12.2006, lch. 1.

[5] I gcomhréir leis an gceathrú mír d'Airteagal 7 de Rialachán (AE) Uimh. 1309/2013.

| Na fiontair agus an líon daoine a dífhostaíodh le linn na tréimhse tagartha | | |
|---|---|---|
| Ricon Group | | 709 |
| Têxtil Gramax Internacional | | 452 |
| **Líon iomlán na bhfiontar: 2** | **Líon iomlán daoine a dífhostaíodh:** | **1 161** |
| **Líon iomlán daoine féinfhostaithe a bhfuil deireadh tagtha lena ngníomhaíocht:** | | **0** |
| **Líon iomlán oibrithe incháilithe agus daoine féinfhostaithe:** | | **1 161** |

*Critéir idirghabhála*

6. Chuir an Phortaingéil an t-iarratas isteach faoi na critéir idirghabhála a leagtar amach in Airteagal 4(1)(b) den Rialachán maidir le CED, lena gceanglaítear 500 oibrí ar a laghad a bheith curtha ar iomarcaíocht le linn thréimhse thagartha naoi mí i bhfiontair atá ag oibriú san earnáil eacnamaíoch chéanna arna sainiú ar leibhéal na rannán de NACE Athbhreithniú 2 agus iad lonnaithe i réigiún amháin nó in dhá réigiún comhtheagmhálacha nó níos mó arna sainiú ag NUTS leibhéal 2 ar choinníoll go bhfuil níos mó ná 500 oibrí thíos leis an iomarcaíocht sa dá réigiún in aon Bhallstát amháin. Ba é 1 161 iomarcaíocht líon iomlán na n-iomarcaíochtaí, arna ndáileadh sna réigiúin NUTS leibhéal 2 mar a leanas: 609 n-iomarcaíocht in Norte (PT11), 17 in Centro (PT16) agus 535 in Lisboa (PT17).

7. Maireann an tréimhse thagartha naoi mí don iarratas ón 1 Bealtaine 2017 go dtí an 1 Feabhra 2018.

*Iomarcaíochtaí agus deireadh le gníomhaíocht a ríomh*

8. Rinneadh na hiomarcaíochtaí ar fad a ríomh ó dháta foirceanta *de facto* an chonartha fostaíochta nó dáta éaga an chonartha sin.

*Tairbhithe incháilithe*

9. Is é 1 161 duine an líon iomlán tairbhithe incháilithe.

*An nasc idir na hiomarcaíochtaí agus na mórathruithe struchtúracha i bpatrúin na trádála domhanda de bharr an domhandaithe*

10. Chun an nasc a bhunú idir na hiomarcaíochtaí agus mórathruithe struchtúracha ar phatrúin na trádála domhanda de thoradh an domhandaithe, áitíonn an Phortaingéil go ndeachaigh earnáil an chorpbhirt trí mhórshuaitheadh eacnamaíoch, go háirithe mar gheall ar thitim i sciar margaidh an Aontais Eorpaigh nuair a tháinig deireadh leis an gComhaontú Ilsnáithíneach[6] in 2004.

[6] Tháinig an Comhaontú Ilsnáithíneach i bhfeidhm in 1974 agus chuaigh sé in éag in 2004. https://www.odi.org/sites/odi.org.uk/files/odi-assets/publications-opinion-files/6604.pdf https://www.wto.org/english/tratop_e/texti_e/texintro_e.htm#MFA

Allmhairí agus onnmhairí éadaí na 28 mBallstát (i milliúin euro)

| | 2004 | 2005 | 2006 | 2007 | 2008 | 2009 | 2010 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **ALLMHAIRÍ** | 49 674,5 | 54 379,5 | 61 409,9 | 64 479,0 | 65 990,0 | 63 735,6 | 71 169,7 |
| **ONNMHAIRÍ** | 14 929,5 | 15 684,1 | 17 095,7 | 18 368,8 | 19 159,5 | 16 218,6 | 17 346,2 |

| | 2011 | 2012 | 2013 | 2014 | 2015 | 2016 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **ALLMHAIRÍ** | 77 866,3 | 75 008,4 | 74 830,4 | 82 016,8 | 90 256,8 | 91 002,5 |
| **ONNMHAIRÍ** | 20 555,7 | 22 857,5 | 23 888,9 | 24 990,4 | 25 944,7 | 26 149,1 |

11. Idir 2004 agus 2016, tháinig méadú 83.19 % ar onnmhairí chuig 28 mBallstát an Aontais. Tháinig méadú ar allmhairí ó 28 mBallstát an Aontais le linn na tréimhse céanna, ach ar leibhéal níos lú. Tháinig méadú 75.15 % ar allmhairí éadaí in 2016 i gcomparáid le 2004. Mar thoradh air sin, tá easnamh i gcomhardú na trádála go fóill.

12. San am i láthair, is í an tSín an soláthraí is mó ag an Aontas agus méadú 108 % ar a honnmhairí chuig 28 mBallstát an Aontais idir 2008 agus 2016, agus is iad an Bhanglaidéis agus an Tuirc faoi seach an dara agus an tríú soláthraí is mó[7].

13. Go dtí seo, is le hearnáil an chorpbhirt a bhain sé cinn d'iarratais CED, a raibh ceithre cinn díobh bunaithe ar dhomhandú a bhaineann le trádáil agus a raibh dhá cheann díobh bunaithe ar an ngéarchéim dhomhanda airgeadais agus eacnamaíochta[8].

*Eachtraí as ar tháinig na hiomarcaíochtaí agus an deireadh le gníomhaíocht*

14. Leis an méadú ar onnmhairí chuig an Aontas cuireadh brú anuas ar phraghsanna, rud a raibh tionchar diúltach aige ar staid airgeadais na bhfiontar in earnáil teicstílí an Aontais agus a spreag nós ginearálta in earnáil na dteicstílí agus éadaí chun táirgeadh a athlonnú i dtíortha lasmuigh den Aontas, amhail an tSín agus tíortha éagsúla san Áis, mar a bhfuil na costais níos ísle[9]. I réigiúin Norte, Centro agus Lisboa na Portaingéile, is é a tháinig as sin síorlaghdú ar líon na n-oibrithe in earnáil an chorpbhirt (ó 130 000 in 2005 go dtí 90 000 in 2016)[10].

*An tionchar a mheastar a bheidh ag na hiomarcaíochtaí ar an ngeilleagar áitiúil, réigiúnach nó náisiúnta agus ar an bhfostaíocht*

15. In 2017, bhí an ráta dífhostaíochta i réigiúin Norte agus Lisboa araon (9.5 %) níos airde ná an meán náisiúnta (8.9 %) agus fágfaidh an líon mór daoine a briseadh as a bpost go mbeidh an scéal sin níos measa[11].

---

7 Idir 2008 agus 2016, tháinig méadú 314 % agus 119% ar allmhairí ón mBanglaidéis agus ón Tuirc faoi seach. http://epp.eurostat.ec.europa.eu/newxtweb/

8 Bunaithe ar dhomhandú a bhaineann le trádáil: EGF/2018/002 PT (cás ábhartha an togra seo le haghaidh cinnidh), chomh maith le, EGF/2007/008 MT/Teicstílí, COM(2008) 94, EGF/2010/003 ES/an Ghailís teicstílí, COM(2010) 437 agus EGF/2017/006 ES/an Ghailís corpbheart, COM(2017) 686. Bunaithe ar an ngéarchéim dhomhanda airgeadais agus eacnamaíochta: EGF/2009/018 LT/Corpbheart, COM(2010) 56 agus EGF/2010/014 SI/Mura, COM(2010) 582.

9 Foinse: Cointega, cnuasach teicstílí na Gailíse (www.cointega.com)

10 http://epp.eurostat.ec.europa.eu/newxtweb/-EUROSTAT: staidreamh struchtúrach faoi ghnólachtaí (SBS) Staidreamh mionsonraithe bliantúil faoi fhiontair

11 https://www.ine.pt/xportal/xmain?xpid=INE&xpgid=ine_indicadores&indOcorrCod=0006186&contexto=bd&selTab=tab2

16. Tá an ráta dífhostaíochta in earnáil an chorpbhirt sna dúichí inar tharla na hiomarcaíochtaí níos airde ná an ráta dífhostaíochta sna réigiúin – Norte, Centro agus Lisboa – lena mbaineann siad[12].

| RÉIGIÚN | 2017 |
|---|---|
| **NORTE** | 6.88 |
| Penafiel | 7.13 |
| **CENTRO** | 4.66 |
| Coimbra | 5.60 |
| **LISBOA** | 5.18 |
| Lisboa (limistéar) | 7.39 |

Dá bhrí sin, bhí tionchar mór ag an líon daoine a dífhostaíodh ar an staid ina raibh na margaí saothair áitiúla[13].

17. Tá breis agus 20 % de na hoibrithe a rabhthas ag díriú orthu os cionn 55 bliana d'aois agus mná is ea 88 % díobh sin.

18. An tionchar a mheastar a bheidh ann, tá sé nasctha leis na deacrachtaí a bhaineann le hath-imlonnú oibrithe atá ar bheagán scileanna. Daoine ar bheagán scileanna is ea formhór na n-oibrithe a dífhostaíodh (níl meánoideachas sinsearach ar 78 % díobh). Léiríonn sonraí maidir leis an tréimhse idir 2014 agus 2017 go mbíonn ráta dífhostaíochta níos ísle i measc daoine ar leibhéal níos airde oideachais ná an ráta dífhostaíochta ar an iomlán (6.5 % i gcomparáid le 8.9 % in 2017 mar shampla). Os a choinne sin, de ghnáth bíonn ráta dífhostaíochta atá níos airde ná an ráta náisiúnta dífhostaíochta (gach leibhéal oideachais san áireamh) i measc daoine atá ar bheagán oideachais nó atá gan oideachas.

[12] IEFP, IP - Direção de Serviços de Estudos, Planeamento e Controlo de Gestão https://www.iefp.pt/documents/10181/6814977/SIE+-+Desemprego+registado+por+concelhos+dezembro+2017.pdf/ab672c06-ce47-42c4-af0a-8d4c1ac62003 https://www.ine.pt/xportal/xmain?xpid=INE&xpgid=ine_indicadores&indOcorrCod=0008273&contexto=bd&selTab=tab2

[13] https://www.iefp.pt/documents/10181/7971477/Informa%C3%A7%C3%A3o+Mensal+janeiro+2018.pdf/bea9ab6a-899c-4e92-a63b-5f2d12b5d259 https://www.iefp.pt/documents/10181/6817457/Informa%C3%A7%C3%A3o+Mensal+dezembro+2017.pdf/31a5727c-fd90-47f0-8e7c-8fc087d5e18b https://www.iefp.pt/documents/10181/5565497/Informa%C3%A7%C3%A3o+Mensal+dezembro+2016.pdf/663d49b3-2cbe-4869-9f7c-4856af399891 https://www.iefp.pt/documents/10181/3943898/Informa%C3%A7%C3%A3o+Mensal+dezembro+2015.pdf/ff648dba-07db-4853-aced-ae4a44ceed61

Ráta dífhostaíochta de réir an leibhéil oideachais[14]

| | Gan oideachas | Bunoideachas | Meánoideachas agus iar-mheánoideachas | Tríú leibhéal | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|
| 2017 | 11.1 % | 9.5 % | 9.9 % | 6.5 % | 8.9 % |
| 2016 | 13.1 % | 11.8 % | 12.2 % | 8.4 % | 11.1 % |
| 2015 | 13.2 % | 13.3 % | 13.9 % | 9.2 % | 12.4 % |
| 2014 | 13.9 % | 15 % | 15.3 % | 10 % | 13.9 % |

**Na tairbhithe ar a bhfuiltear ag díriú agus na bearta atá beartaithe**

*Na tairbhithe ar a bhfuiltear ag díriú*

19. Meastar gurb é 730 duine an líon oibrithe iomarcacha a ghlacfaidh páirt sna bearta. Is mar seo a leanas atá an miondealú a rinneadh ar na hoibrithe sin de réir gnéis, saoránachta agus aoisghrúpa:

| Catagóir | | Líon tairbhithe ar a bhfuiltear ag díriú | |
|---|---|---|---|
| Gnéas: | Fir: | 83 | (11.37 %) |
| | Mná: | 647 | (88.63 %) |
| Saoránacht: | saoránaigh de chuid an Aontais Eorpaigh: | 730 | (100.00 %) |
| | daoine nach saoránaigh de chuid an Aontais Eorpaigh iad: | 0 | (0.00 %) |
| Aoisghrúpa: | 15-24 bliana: | 12 | (1.64 %) |
| | 25-29 bliana: | 21 | (2.88 %) |
| | 30-54 bliana: | 547 | (74.93 %) |
| | 55-64 bliana: | 150 | (20.55 %) |
| | os cionn 64 bliana: | 0 | (0.00 %) |

20. Ina theannta sin, déanfaidh an Phortaingéil seirbhísí pearsantaithe atá cómhaoinithe ag CED a sholáthar do suas le 730 duine óg faoi bhun 30 bliana d’aois nach bhfuil fostaithe, in oideachas nó faoi oiliúint (NEETanna) tráth a chuirtear an t-iarratas isteach, ó tharla gur i réigiúin leibhéal 2 NUTS Norte (PT11), Centro (PT16) agus Lisboa (PT17) atá 1 161 de na hiomarcaíochtaí dá dtagraítear i mír 9, réigiúin ina raibh ráta dífhostaíochta 20 % ar a laghad i measc daoine óga atá idir 15 agus 24 bliana d'aois, bunaithe ar na sonraí bliantúla atá ar fáil maidir le 2017.

[14] https://www.pordata.pt/Portugal/Taxa+de+desemprego+total+e+por+n%C3%ADvel+de+escolaridade+completo+(percentagem)-1009

21. Dá bhrí sin, meastar gurb é 1 460 duine líon iomlán na n-oibrithe iomarcacha, lena n-áirítear NEETanna, a ghlacfaidh páirt sna bearta.

*Incháilitheacht na ngníomhaíochtaí atá beartaithe*

22. Is iad na gníomhaíochtaí seo a leanas na seirbhísí pearsantaithe a sholáthrófar d'oibrithe iomarcacha agus d'oibrithe NEET:

- <u>Oiliúint agus athoiliúint.</u> Áirítear leis sin tréimhsí oiliúna, gairmoiliúint agus oiliúint leanúnach agus pleananna lánpháirtíochta atá dírithe ar oibrithe agus NEETanna. Ceapadh na gníomhaíochtaí chun an tairiscint a mheaitseáil le héileamh an mhargaidh saothair agus chun cabhrú leis na rannpháirtithe a gcuid scileanna a fhorbairt.
- <u>Fiontraíocht a chur chun cinn.</u> Leis an mbeart seo cuirfear deontas ar fáil do na rannpháirtithe chun féinfhostaíocht agus oiliúint d'fhiontraithe a chur chun cinn agus an deis a thabhairt bheith páirteach i ngorlann le haghaidh gnólachtaí nuathionscanta a fhaigheann tacaíocht ó Sheirbhís Phoiblí Fostaíochta na Portaingéile (IEFP).
- <u>Liúntais.</u> Áirítear orthu sin: 1) liúntais oiliúna chun costais a thabhaítear a chumhdach don chuardaitheoir poist nó do NEET, le linn a chuid oiliúna; 2) liúntais soghluaisteachta chun costas an taistil idir an áit chónaithe agus an áit ina bhfuil na gníomhaíochtaí oiliúna ar siúl a chúiteamh; 3) liúntais béilí a chuideoidh le rannpháirtithe a gcostais a chumhdach má bhíonn orthu ithe i mbialann.

23. Na gníomhaíochtaí atá beartaithe, a bhfuil tuairisc orthu anseo, is bearta gníomhacha maidir leis an margadh saothair iad laistigh de na gníomhaíochtaí incháilithe a leagtar amach in Airteagal 7 den Rialachán maidir le CED. Ní chuirfear na gníomhaíochtaí sin in ionad bearta éighníomhacha cosanta sóisialta.

24. Sholáthair an Phortaingéil an fhaisnéis a theastaíonn maidir le gníomhaíochtaí atá éigeantach don fhiontar lena mbaineann de bhua an dlí náisiúnta nó de bhun comhaontuithe comhchoiteanna. Dheimhnigh sí nach dtiocfaidh ranníocaíocht airgeadais ó CED in ionad na ngníomhaíochtaí sin.

*Buiséad measta*

25. Is é EUR 7 759 806 na costais mheasta iomlána, lena gcuimsítear caiteachas EUR 7 742 160 ar sheirbhísí pearsantaithe agus caiteachas EUR 17 646 ar ghníomhaíochtaí ullmhúcháin, bainistíochta, faisnéise agus poiblíochta, rialaithe agus tuairiscithe.

26. Is é EUR 4 655 883 (60 % de na costais iomlána) an ranníocaíocht airgeadais iomlán a iarradh ar CED.

| Gníomhaíochtaí | An líon measta rannpháirtithe | An costas measta in aghaidh an rannpháirtí *(EUR)* * | Costais mheasta iomlána *(EUR)*** |
|---|---|---|---|
| Seirbhísí pearsantaithe (Gníomhaíochtaí faoi Airteagal 7(1)(a) agus (c) den Rialachán maidir le CED) | | | |
| Oiliúint agus ath-oiliúint *(Estágios Profissionais/Cursos de Formação Profissional/Plano de Integração)* | 1 571*** | 3 147 | 4 943 633 |
| Fiontraíocht a chur chun cinn *(Bolsa de criação de emprego por conta própria/Formação em empreendedorismo/Possibilidade de integração do Ninho de Empresas do IEFP)* | 30 | 15 000 | 450 000 |
| Fo-iomlán (a):<br>An céatadán den phacáiste de sheirbhísí pearsantaithe | – | | 5 393 633<br>(69.67 %) |
| Liúntais agus dreasachtaí (Gníomhaíochtaí faoi Airteagal 7(1)(b) den Rialachán maidir le CED) | | | |
| Liúntais le haghaidh oiliúna, soghluaisteachta agus béilí *(Bolsa de formação, transporte e alimentação)* | 861 | 2 728 | 2 348 527 |
| Fo-iomlán (b):<br>An céatadán den phacáiste de sheirbhísí pearsantaithe: | – | | 2 348 527<br>(30.33 %) |
| Gníomhaíochtaí faoi Airteagal 7(4) den Rialachán maidir le CED | | | |
| 1. Gníomhaíochtaí ullmhúcháin | – | | 0,00 |
| 2. Bainistíocht | – | | 15 236 |
| 3. Faisnéis agus poiblíocht | – | | 0,00 |
| 4. Rialú agus tuairisciú | – | | 2 410 |
| Fo-iomlán (c):<br>An céatadán de na costais iomlána: | – | | 17 646<br>(0.23 %) |
| Costais iomlána (a + b + c): | – | | 7 759 806 |
| Ranníocaíocht ó CED (60 % de na costais iomlána) | – | | 4 655 883 |

* Chun deachúlacha a sheachaint, slánaítear na meánchostais mheasta in aghaidh an rannpháirtí. Mar sin féin, ní dhéanann an slánú aon difear do chostas iomlán gach birt atá fágtha dála an iarratais a chuir an Phortaingéil isteach.

** Mar gheall ar shlánú, ní réitíonn na suimeanna iomlána le chéile.

*** Tá líon na rannpháirtithe níos airde ná líon iomlán measta na dtairbhithe ar a bhfuiltear ag díriú ó tharla go nglacann rannpháirtithe áirithe páirt i níos mó ná aon ghníomhaíocht oiliúna amháin.

27. Costais na ngníomhaíochtaí atá sainaitheanta sa tábla thuas mar ghníomhaíochtaí faoi Airteagal 7(1)(b) den Rialachán maidir le CED, ní sháróidh siad 35 % de na costais iomlána don phacáiste comhordaithe de sheirbhísí pearsantaithe. Dheimhnigh an Phortaingéil go bhfuil na gníomhaíochtaí sin ag brath ar rannpháirtíocht ghníomhach na dtairbhithe ar a bhfuiltear ag díriú i ngníomhaíochtaí a bhaineann le cuardach poist nó le hoiliúint.

28. Dheimhnigh an Phortaingéil nach n-imeoidh costais na n-infheistíochtaí le haghaidh féinfhostaíochta, gnólachtaí nuathionscanta agus táthcheangail ag fostaithe thar EUR 15 000 in aghaidh an tairbhí.

*Tréimhse incháilitheachta caiteachais*

29. An 1 Meitheamh 2018, chuir an Phortaingéil tús leis na seirbhísí pearsantaithe a sholáthar do na tairbhithe ar a bhfuiltear ag díriú. Dá bhrí sin, beidh an caiteachas ar na gníomhaíochtaí incháilithe le haghaidh ranníocaíocht airgeadais ó CED ón 1 Meitheamh 2018 go dtí an 1 Meitheamh 2020.

30. An 1 Meitheamh 2018, thosaigh an Phortaingéil ag tabhú an chaiteachais riaracháin chun CED a chur chun feidhme. Dá bhrí sin, beidh an caiteachas ar ghníomhaíochtaí ullmhúcháin, bainistíochta, faisnéise agus poiblíochta, rialaithe agus tuairiscithe incháilithe le haghaidh ranníocaíocht airgeadais ó CED ón 1 Meitheamh 2018 go dtí an 1 Nollaig 2020.

*Comhlántacht maidir le gníomhaíochtaí atá á maoiniú ó chistí náisiúnta nó ó chistí an Aontais*

31. Is í Seirbhís Phoiblí Fostaíochta na Portaingéile (IEFP) an fhoinse réamh-mhaoinithe náisiúnta nó comhaoinithe náisiúnta.

32. Maidir leis na bearta a bhfuil tuairisc orthu thuas agus atá ag fáil ranníocaíocht airgeadais ó CED, dheimhnigh an Phortaingéil nach bhfaighidís ranníocaíochtaí airgeadais freisin ó ionstraimí airgeadais eile de chuid an Aontais.

*Nósanna imeachta maidir le dul i gcomhairle leis na tairbhithe ar a bhfuiltear ag díriú nó lena n-ionadaithe nó leis na comhpháirtithe sóisialta agus le húdaráis áitiúla agus réigiúnacha*

33. Tá sé tugtha le fios ag an bPortaingéil gur dréachtaíodh an pacáiste comhordaithe de sheirbhísí pearsantaithe i gcomhairle le meitheal ina raibh an tSeirbhís Phoiblí Fostaíochta, ionadaithe na gcomharchumann, an Institiúid Slándála Sóisialta agus an tÚdarás um Dhálaí Oibre.

**Córais bhainistíochta agus rialaithe**

34. Déantar tuairisc san iarratas ar an gcóras bainistíochta agus rialaithe lena sonraítear freagrachtaí na gcomhlachtaí lena mbaineann. Chuir an Phortaingéil in iúl don Choimisiún go ndéanfaidh na comhlachtaí céanna atá freagrach as Ciste Sóisialta na hEorpa an ranníocaíocht airgeadais a bhainistiú agus a rialú.

**Na gealltanais a thug an Ballstát lena mbaineann**

35. Thug an Phortaingéil na dearbhuithe go léir a theastaíonn maidir leis na nithe seo a leanas:

– cloífear leis na prionsabail um chóir chomhionann agus neamh-idirdhealú maidir leis an rochtain ar na gníomhaíochtaí atá beartaithe agus maidir le cur chun feidhme na ngníomhaíochtaí sin,

- comhlíonadh na ceanglais atá leagtha síos sa dlí náisiúnta agus i ndlí an Aontais maidir le hiomarcaíochtaí comhchoiteanna,
- ní bhfaighidh na gníomhaíochtaí atá beartaithe tacaíocht airgeadais ó chistí eile nó ó ionstraimí airgeadais eile de chuid an Aontais agus coiscfear aon mhaoiniú dúbailte,
- beidh na gníomhaíochtaí atá beartaithe ag teacht le gníomhaíochtaí a mhaoinítear leis na Cistí Struchtúracha,
- cloífidh an ranníocaíocht airgeadais ó CED le rialacha nós imeachta agus rialacha ábhartha an Aontais maidir le státchabhair.

## IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

### Togra buiséadach

36. Ní sháróidh CED uasmhéid bliantúil EUR 150 milliún (praghsanna 2011) mar a leagtar síos in Airteagal 12 de Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 1311/2013 ón gComhairle an 2 Nollaig 2013 lena leagtar síos an creat airgeadais ilbhliantúil do na blianta 2014 go 2020[15].

37. Tar éis dó an t-iarratas a scrúdú i dtaca leis na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 13(1) den Rialachán maidir le CED, agus tar éis dó an líon tairbhithe ar a bhfuiltear ag díriú, na gníomhaíochtaí atá beartaithe agus na costais mheasta a chur san áireamh, tá sé beartaithe ag an gCoimisiún EUR 4 655 883 ó CED a úsáid, suim arb ionann í agus 60 % de chostais iomlána na ngníomhaíochtaí atá beartaithe, chun ranníocaíocht airgeadais a sholáthar don iarratas.

38. Maidir le CED a úsáid, is iad Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle i gcomhpháirt le chéile a dhéanfaidh an cinneadh atá beartaithe, mar a leagtar síos i bpointe 13 den Chomhaontú Idirinstitiúideach an 2 Nollaig 2013 idir Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún maidir le smacht buiséadach, le comhar i gcúrsaí buiséid agus le bainistíocht fhónta airgeadais[16].

### Gníomhartha gaolmhara

39. An tráth céanna a thíolacfaidh sé an togra seo le haghaidh cinneadh maidir le CED a úsáid, déanfaidh an Coimisiún togra a thíolacadh do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle le haghaidh EUR 4 655 883 a aistriú chuig an líne bhuiséadach iomchuí.

40. An tráth céanna a ghlacfaidh sé an togra seo le haghaidh cinneadh maidir le CED a úsáid, glacfaidh an Coimisiún cinneadh maidir le ranníocaíocht airgeadais trí bhíthin gníomh cur chun feidhme, cinneadh a thiocfaidh i bhfeidhm ar an dáta a ghlacfaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle an cinneadh atá beartaithe maidir le CED a úsáid.

---

15 IO L 347, 20.12.2013, lch. 884.

16 IO C 373, 20.12.2013, lch. 1.

Togra le haghaidh

**CINNEADH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir leis an gCiste Eorpach um Choigeartú don Domhandú a úsáid ar iarratas a bheith déanta ag an bPortaingéil – EFG/2018/002 PT/Norte – Centro – Lisboa corpbheart**

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1309/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 maidir leis an gCiste Eorpach um Choigeartú don Domhandú (2014-2020) agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1927/2006[17], agus go háirithe Airteagal 15(4) de,

Ag féachaint don Chomhaontú Idirinstitiúideach an 2 Nollaig 2013 idir Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún maidir le smacht buiséadach, le comhar i gcúrsaí buiséadacha agus le bainistíocht fhónta airgeadais[18], agus go háirithe pointe 13 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an méid seo a leanas:

(1) Is é is aidhm don Chiste Eorpach um Choigeartú don Domhandú (CED) tacaíocht a thabhairt d'oibrithe a cuireadh ar iomarcaíocht agus do dhaoine féinfhostaithe a bhfuil deireadh tagtha lena ngníomhaíocht i ngeall ar mhórathruithe struchtúracha ar phatrúin na trádála domhanda de thoradh an domhandaithe, nó mar gur lean an ghéarchéim dhomhanda airgeadais agus eacnamaíochta ar aghaidh, nó i ngeall ar ghéarchéim dhomhanda airgeadais agus eacnamaíochta nua, agus cabhrú le hath-lánpháirtiú na n-oibrithe sin sa mhargadh saothair.

(2) Ní rachaidh CED thar uasmhéid bliantúil EUR 150 milliún (praghsanna 2011) mar a leagtar síos in Airteagal 12 de Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 1311/2013 ón gComhairle[19].

(3) An 24 Aibreán 2018, rinne an Phortaingéil iarratas a thíolacadh ar CED a úsáid i ndáil le hiomarcaíochtaí san earnáil eacnamaíoch arna haicmiú faoi aicmiú staidrimh gníomhaíochtaí eacnamaíocha sa Chomhphobal Eorpach ('NACE') athbhreithniú 2 Rannán 14 (monarú corpbhirt) in ainmníocht chomhchoiteann na n-aonad críche maidir le staidreamh réigiúin ('NUTS')[20] leibhéal 2 Norte (PT11), Centro (PT16) agus Lisboa (PT17) na Portaingéile. Comhlíontar san iarratas sin na ceanglais le haghaidh ranníocaíocht airgeadais ó CED a shocrú mar a leagtar síos in Airteagal 13 de Rialachán (AE) Uimh. 1309/2013.

---

17 IO L 347, 20.12.2013, lch. 855.

18 IO C 373, 20.12.2013, lch. 1.

19 Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 1311/2013 ón gComhairle an 2 Nollaig 2013 lena leagtar síos an creat airgeadais ilbhliantúil do na blianta 2014 go 2020 (IO L 347, 20.12.2013, lch. 884).

20 Rialachán (AE) Uimh. 1046/2012 ón gCoimisiún an 8 Samhain 2012 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 1059/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le haicmiú comhchoiteann na n-aonad críche le haghaidh staidreamh (NUTS) a bhunú i dtaca le tarchur na hamshraithe le haghaidh an mhiondealaithe réigiúnaigh nua (IO L 310, 9.11.2012, lch. 34).

(4) I gcomhréir le hAirteagal 6(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1309/2013, chinn an Phortaingéil seirbhísí pearsanaithe a sholáthar do 730 duine óg nach bhfuil fostaithe, in oideachas ná faoi oiliúint (NEETanna), seirbhísí a bheidh cómhaoinithe ag CED.

(5) Dá bhrí sin, ba cheart úsáid a bhaint as CED chun ranníocaíocht airgeadais EUR 4 655 883 a sholáthar i leith an iarratais a chuir an Phortaingéil isteach.

(6) Chun íoslaghdú a dhéanamh ar an am a thógfar chun úsáid a bhaint as CED, ba cheart feidhm a bheith ag an gcinneadh seo ón dáta a ghlacfar é,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Le haghaidh bhuiséad ginearálta an Aontais don bhliain airgeadais 2018, bainfear úsáid as an gCiste Eorpach um Choigeartú don Domhandú chun EUR 4 655 883 a sholáthar mar leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus mar leithreasuithe íocaíochta.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*. Beidh feidhm aige ón [*the date of its adoption*][*].

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann Pharlaimint na hEorpa*
*An tUachtarán*

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*